Plean Féinmheastóireachta Scoile
Ábhar: Folláine
Gaelscoil Naomh Pádraig

Plean Féinmheastóireachta Scoile don Fholláine

Cúlra:

D'fhéachamar ar 'Folláine' mar ábhar don Phlean Féinmheastóireachta Scoile don chéad uair i nGaelscoil Naomh Pádraig i mí na Samhna 2022 nuair a d'fhreastal cúpla múinteoir ar seimineár curtha ar fáil ag Oide. Ina dhiaidh sin, chuireamar isteach air agus d'éirigh linn tacaíocht agus comhairle a fháil ó 'Oide' chun tabhairt faoinár bplean féinmheastóireachta.
Ansin, chuireamar coiste Folláine le chéile le ceathrar bill foirne. Ag an bpointe seo shocraíomar mar scoil 'Folláine' a roghnú dár chéad ábhar féinmheastóireachta scoile eile.

Réamhrá:

Léiríonn an tuairisc agus an plean feabhsúcháin seo na torthaí a thángamar orthu i leith ár bhféinmheastóireacht scoile don Fholláine. Chomh maith le sin, léiríonn sé an príomhréimse, comhartha ratha agus na trí ráitis ar chleachtas éifeachtach a roghnaíomar. Laistigh den phlean seo tá na spriocanna, na gníomhaíochtaí, na daoine atá bainteach leis agus líne ama leagtha amach go soiléir againn.

Féinmheastóireacht scoile eile atá déanta againn:

- **Gaeilge** - Scríbhneoireacht
- **Mata** - Réiteach fadhbanna
- **Béarla** - Litriú

Torthaí an plean feabhsúcháin deireanach:

Ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, bhain an scoil triail as clár céimneach 'Words Their Way' a chur i bhfeidhm sa scoil ó ranganna 1 suas go ranganna 6 inár tugadh faoi na páistí a ghrúpáil de réir a gcumais. Rinne an fhoireann teagaisc dul chun cinn na bpáistí a mheas le feiceáil an bhfuilimíd ag baint ár sprioc amach. Tugann muid faoin measúnú seo le linn an chéad téarma den bhliain scoile acadúil.

Déanfar athbhreithniú ar seo go bliantúil cé gur cuireadh an clár seo i bhfeidhm le déanaí, 2022/23.

Fócas don fhéinmheastóireacht seo:

Mar chuid den phróiséas FMS, d'aontaíomar agus thugamar faoi 'Folláine' mar fhócas le linn na bliana i 2023/24. I ndiaidh roinnt cruinnithe leis an bhfó-choiste, d'éagraíomar seisiún FGL (Forbairt Gairmiúil Leanúnach) leis an bhfoireann uilig. Dhíríomar isteach ar na ceithre príomhréimse. An cuspóir a bhí againn ná gearrliostú a dhéanamh agus iarracht aontú ar phríomhréimse amháin. I ndiaidh seo, tháinig an fó-choiste le chéile arís chun ceistneoirí a chumadh le tuairimí agus peirspeictíocht an phobal scoile a aimsiú/lorg. Cuireadh ceistneoir do pháistí na scoile (R1 - R6) le chéile. Cuireadh ceistneoir eile do

thuismitheoirí le chéile. Tar éis na fianaise a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar an t-aiseolas ó na sonraí, ‘sé **‘Caidreamh & Páirtnéireachtaí’** an príomhréimse a roghnaíodh.

Torhtaí:

Le linn mhí Aibreáin 2024 tugadh ceistneoir amach do dhaltaí na scoile ó Rang 1 -6 agus ceistneoir difriúil do thuismitheoirí na scoile. Pléadh smaointí agus mothúcháin foireann na scoile le linn crhuinniú foirne sa mhí chéanna.
Seo a leanas na rudaí a sheas amach ón taighde thuasluaite a rinneadh:

<u>Foireann na scoile:</u>

Láidreachtaí:

- Ar an iomlán, mhothaigh foireann na scoile go raibh tuiscint mhaith ag pobal na scoile ar an tábhacht a bhaineann le folláine a chur chun cinn agus mar fhoireann bíonn muid i gcónaí ag obair i dtreo folláine dearfaigh a chothú sa scoil.
- Mothaíonn foireann na scoile go bhfuil roinnt mhaith polasaithe / gníomhaíochtaí / cláracha i bhfeidhm sa scoil chun cabhrú le folláine a chur chun cinn msh. lóga, am órga, am ciorcail, Seachtain na gCarad / Frithbhulaíochta, polasaí Frithbhulaíochta, srl.
- Mothaíonn foireann na scoile, ó a thosaigh an scoil uilig ag díriú ar am ciorcail agus ag obair ar na scileanna réiteach faidhbe go bhfuil feabhas le feiceáil sna seomraí ranga agus ar an gclós.

Áiteanna gur féidir a fheabhsú:

- Mothaíonn foireann na scoile go mbainfeadh pobal na scoile uilig leas as caidreamh dearfach a spreagadh idir dhaltaí agus fhoireann na scoile sna pasáistí agus timpeallacht na scoile.
- Chabhródh deiseanna chun seiceáil isteach leis na páistí, duine ar dhuine, i rith na bliana, le cultúr oscailteachta agus éisteachta a fhorbairt sa scoil.
- Ba chóir go mbeadh teorann sóiléir ann nuair a thagann sé go cumarsáid (mar shampla ar Seesaw, Aladdin, WhatsApps, riomhphoist srl.) idir thuismitheoirí, mhúinteoirí agus fhoireann uilig na scoile ionas gur féidir leis an bhfoireann iomlán sos a ghlacadh nuair atá an scoil thart.

<u>Tuismitheoirí na scoile:</u>

Láidreachtaí:

- Mothaíonn 98.3% de thuismitheoirí na scoile go bhfuil an scoil fáilteach agus insroichte do chuile dalta.
- Mothaíonn 92.5% de thuismitheoirí na scoile go bhfuil an scoil fáilteach agus insroichte do chuile thuismitheoir.
- Mothaíonn 93.3% de thuismitheoirí na scoile go mothaíonn a bpáiste/bpáistí ceangailte agus mar chuid de phobal na scoile.
- Ar an iomlán, léirigh ceistneoirí na dtuismitheoirí go mothaíonn tuismitheoirí na scoile go bhfuil obair mhaith á dhéanamh sa scoil chun gaolta dearfacha a spreagadh idir pobal na scoile.

Áiteanna gur féidir a fheabhsú:

- Mothaíonn 63.3% de thuismitheoirí na scoile gur buntáiste a bheadh ann, córas cosúil le 'Córas Cairdis' a bheith sa scoil.
- Mhol tuismitheoirí go mbeadh níos mó ama tugtha do ghníomhaíochtaí / chumarsáid idir na hardranganna agus bunranganna msh. trí ealaín, corpoideachas, léitheoireacht srl. a dhéanamh le chéile.
- Mothaíonn roinnt tuismitheoirí go gcabhróidh sé le pobal tuismitheora na scoile teacht le chéile, dá n-eagrófar ócáidí beaga sóisialta do thuismitheoirí.

<u>Daltaí na scoile:</u>

Láidreachtaí:

- Mothaíonn 94.3% de dhaltaí na scoile go bhfuil a scoil cairdiúil agus fáiltiúil.
- Mothaíonn 87.5% de dhaltaí na scoile páirteach i bpobal na scoile.
- Mothaíonn 81.5% de dhaltaí na scoile go labhraíonn daoine fásta sa scoil leo ar bhealach béasach agus mothaíonn 15% uaireanta.

Áiteanna gur féidir a fheabhsú:

- Léirigh 75% de dhaltaí na scoile suim i gcóras cairdis rialta a bheith sa scoil.
- Léirigh na daltaí go dtaitneódh sé leo níos mó deiseanna a bheith acu spraoi taobh amuigh.
- Mhothaigh daltaí go mbeadh buntáiste ann binse cairdis a chur ar fáil sa chlós agus go mbeadh deiseanna léitheoireachta againn idir na hardranganna agus na bunranganna.

Príomhréimse	Caidreamh & Páirtnéireachtaí
Comharthaí Ratha	Tá leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus páirtnéirí seachtracha eile gafa go gníomhach le cothú na folláine i bpobal na scoile.
Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach	• Tacaítear le caidreamh agus le páirtnéireachtaí trí raon struchtúr foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a aontaítear, mar shampla córas páirtnéireachta/ córas cairdis ("Buddy System") agus trí theagasc agus foghlaim. • Bíonn oscailteacht, meas agus éisteacht mar shaintréithe ag na gcaidreamh idir pobal na scoile. • Tá córas ar fáil sa scoil ina dtugann na scolairí níos sinsirí tacaíocht do na scolairí níos óige agus déanann siad meantóireacht orthu.

Spriocanna	Gníomhaíochtaí	Cé atá i gceannas?	Líne Ama
1. Bunóidh an scoil córas cairdis idir na páistí sinsearacha agus sóisearacha ionas gur féidir tacú le caidreamh, páirtnéireachtaí agus idirghníomhaíoctaí/ gaol dearfacha a chothú eatarthu .	• Deiseanna a chur ar fáil go míosúil ionas gur féidir le na 'cairde' am a chaitheamh le chéile. • Úsáid a bhaint as 'cairde' sinsearacha chun cluichí clóis a thriail ar chlós na Naíonán go Rang 3. • Úsáid a bhaint as an 'gcóras cairdis' le linn ócáidí speisialta scoile.	• Coiste Folláine • Príomhoide • Múinteoirí ranga • Daltaí	• Le tosú : Meán Fómhair '24 ar aghaidh • Seiceáil isteach : Eanáir '25, Aibreán '25 agus arís ag deireadh na bliana • Meabhrú á dhéanamh ag an gcoiste Folláine ag gach cruinniú foirne • Deireadh Bliain 1 (Meitheamh '25): ceistneoir gairid ar na páistí & tuismitheoirí chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn.
2. Spreagfaidh muid oscailteacht, meas agus éisteacht mar shaintréithe na caidrimh idir pobal na scoile.	• Eagróidh Coiste na dTuismitheoirí ócáid shóisialta do thuismitheoirí uair sa tearma. • Beidh béim curtha ar chaidreamh dearfach idir pobal na scoile, go háirithe i bpasáiste & timpeallacht na scoile. • Beidh teorainn shoiléir leagtha amach idir foireann na scoile agus tuismitheoirí bunaithe ar teagmháil. • Déanfaidh múinteoirí ranga seiceáil isteach, duine ar dhuine, le gach dalta faoi dhó sa bhliain.	• Coiste na dTuismitheoirí • Príomhoide • Foireann iomlán na scoile • Daltaí • Tuismitheoirí	• Le tosú : Meán Fómhair '24 ar aghaidh • Seiceáil isteach : Eanáir '25, Aibreán '25 agus arís ag deireadh na bliana • Meabhrú á dhéanamh ag an gcoiste Folláine ag gach cruinniú foirne • Deireadh Bliain 1(Meitheamh '25): ceistneoir gairid ar na páistí & tuismitheoirí chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Monatóireacht:

Stráitéisí	Cé atá i gceannas?	Eolas breise

Measúnú:

Critéir Ratha	An bhfuil dul chun cinn ag tarlú?	Uirlisí measúnaithe (Conas a bheidh a fhios againn?)

Athraithe Riachtanacha agus muid á chur i bhfeidhm:

Agus muid ag coinneáil súil, an raibh orainn spriocanna a athrú? Gníomhaíochtaí a athrú?

Spriocanna bainte amach:

Sprioc (athraithe más gá)	Bainte amach?	Dáta